NYCI National Youth Council of Ireland

NÓTAÍ TREORACH

AG TOSÚ AMACH 2.0

Treoir maidir le Club Óige Cuimsitheach a Chruthú



Treoir maidir le Club Óige Cuimsitheach a Chruthú

Timpeallacht Fáilteach

Is éard atá i gceist le seirbhís atá bunaithe ar chomhionannas agus ar chuimsiú a chruthú ceist a chur an bhfuil ár dtionscadail, ár gcláir agus ár ngníomhaíochtaí bunaithe ar noirm agus luachanna an ghrúpa tromlaigh nó an gcuimsítear iontu riachtanais daoine óga ó chúinsí maireachtála agus ó fhéiniúlachtaí éagsúla?

Is éard is seirbhís chuimsitheach ann ná seirbhís a léiríonn an réimse éagsúlachta laistigh de phobal. I gcás seirbhís phríomhshrutha, dheonach nó uilíoch, ciallaíonn sé sin go gcaithfear plé leis na daoine óga sa phobal ar bhealach atá freagrúil do líon na ndaoine óga ó chúlraí éagsúla atá ina gcónaí laistigh den phobal sin.

Mar shampla, léirítear i staidéar déimeagrafach go bhfuil 18% de dhaoine óga na tíre ó chúlra mionlaigh eitnigh, go bhfuil thart ar 10% díobh faoi mhíchumas, go mbeidh fadhb mheabhairshláinte ag 20% díobh ag pointe éigin, go bhfuil 1% díobh ina dTaistealaithe, agus fuarthas amach i dtaighde Éireannach go bhfuil 8-11% den aos óg ar fad i gceist le daoine óga LAD agus go meastar go mbeadh 1.7% díobh trasinscneach. Beidh líon beag díobh sa chóras dlí agus cirt d'ógánaigh, lasmuigh d'oideachas foirmiúil, oiliúint nó fostaíocht, gan dídean nó beidh siad ina dtuismitheoirí óga.

Ba chóir go léireodh grúpa óige príomhshrutha, deonach nó uilíoch an éagsúlacht sin ina mballraíocht maidir lena líon ballraíochta iomlán. Mar shampla, go

hidéalach, bheadh líon na ndaoine óga i ngrúpa óige ó chúlra mionlaigh eitnigh cosúil leis an líon i do phobal féin ó thaobh céatadáin de. Lena chois sin, ba cheart gach éagsúlacht a chur san áireamh, trí spriocdhíriú agus cuimsiú iarbhír nó laistigh de ghníomhaíochtaí cláir agus comhráite rialta – mar shampla timpeallacht ina dtacaítear le daoine LADTAI+ a fhorbairt, cláir feasachta a dhéanamh maidir le míchumas agus meabhairshláinte srl.

Uaireanta, oibríonn seirbhísí le daoine óga mionlaigh agus imeallaithe amháin agus b'fhéidir nach dtuigfidís conas, nó cén fáth, a bhféadfaidís a bheith níos cuimsithí fós. Mar sin féin, ní bhíonn éagsúlacht ina saincheist aonair féiniúlachta riamh. Tá féiniúlachtaí iomadúla ag gach duine óg agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar gach gné den eisiamh fiú i sainseirbhísí. Mar shampla, beidh claonadh gnéis, inscne agus eitneachas srl. ag duine faoi mhíchumas. Glacfaidh seirbhís chuimsitheach cur chuige trasnach chun tacú leis an duine ina (h)iomláine.

Le seirbhís chuimsitheach, cuirtear dúshlán roimh chlaontacht agus déantar machnamh ar cé nach bhfuil ionadaíocht á déanamh dó/di sa ghrúpa nó cé nach bhfuil san áireamh sa ghrúpa. D'fhéadfadh go mbainfeadh sé sin le breathnú ar éagsúlachtaí níos dofheicthe amhail claonadh gnéis, bheith lasmuigh d'oideachas foirmiúil, d'oiliúint nó d'fhostaíocht, fadhbanna meabhairshláinte, míchumas dofheicthe, néara-éagsúlacht, nó d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le breathnú ar éagsúlachtaí níos follasaí amhail eitneachas, míchumas coirp, tuismitheoireacht óg srl. agus bealaí a aimsiú chun aghaidh a thabhairt orthu sin.

Ní mór prionsabal na cothroime agus an chuimsithe a bheith leabaithe go daingean inár sochaí agus é a chur chun cinn ó aois óg. Is timpeallacht idéalach í an obair óige chun an sprioc sin a bhaint amach trí iniúchadh a dhéanamh ar shaincheisteanna agus feasacht a fhorbairt i measc daoine óga.

Conas a chinnteoimid cothroime?

Ciallaíonn cothroime gur cheart go mbeadh ionchais chomhionanna maidir le folláine ag gach duine, go bhfreastalófaí ar a riachtanais, agus go bhforbróidís iad féin. Ba cheart acmhainní a dháileadh ar bhealach ionas go mbeifí ullamh chuige sin. Dá bhrí sin, ciallaíonn cothroime a fhiafraí an dtugann do sheirbhís an leibhéal céanna toraidh do gach duine óg i do phobal?

Mar shampla:

An mbraitheann daoine óga áirithe scanraithe mar gheall ar smacht an ghrúpa tromlaigh?

An bhfuil sé níos deacra do dhaoine óga áirithe rochtain fhisiceach a fháil ar do thionscadal nó ar do ghrúpa agus páirt a ghlacadh ann? An bhfuil ciníochas, trasfhóibe nó homafóibe sa tionscadal nó sa ghrúpa a fhágann go bhfuil sé deacair ar dhaoine óga ag a bhfuil féiniúlachtaí éagsúla páirt a ghlacadh?

An bhfreastalaíonn do sheirbhís ar riachtanais foghlama éagsúla daoine óga?

Conas a chinnteoimid cuimsiú?

Is próiseas é an cuimsiú a bhaineann le gach duine óg ach a dhíríonn go speisialta ar na grúpaí sin atá imeallaithe nó i mbaol go stairiúil. Is éard atá i gceist leis ná próiseas chun bacainní ar rannpháirtíocht agus ar mhuintearas a shainaithint, a thuiscint agus a shárú. Aithnítear leis an gá a bhaineann le tuismitheoirí/cúramóirí a bheith páirteach ina chleachtais agus ina phróisis chinnteoireachta. Dearbhaítear leis freisin nach mbeadh cuimsiú indéanta gan páirt iomlán a bheith acu siúd atá 'cuimsithe' sa phróiseas.

Baineann cuimsiú le cáilíocht eispéiris daoine óga; an dóigh a dtacaítear leo chun foghlaim, rudaí a bhaint amach agus páirt iomlán a ghlacadh i saol na seirbhíse óige. Go bunúsach, baineann sé le beartais agus cleachtais laistigh de sheirbhísí óige a oiriúnú chun bacainní a bhaint ionas nach bhfágfar aon duine ar lár. Bogann an cuimsiú ar shiúl ó lipéad a chur ar dhaoine óga i dtreo timpeallacht foghlama chuí a chruthú do gach uile dhuine óg.

Seicliosta le Smaoineamh Air:

Rannpháirtíocht - A chinntiú go gcuirfimid guth daoine óga san áireamh ag gach leibhéal dár seirbhís óige

Beartais agus nósanna imeachta - Is gealltanas i scríbhinn é sin chun seirbhís chomhionann agus chuimsitheach a sholáthar

Íomhá phoiblí - Conas a chuirimid ár seirbhís i láthair don phobal – do dhaoine óga, dá dtuismitheoirí agus do sheirbhísí pobail eile

Forbairt ghairmiúil - Baineann sé seo le hoiliúint a chur ar na baill foirne agus ar oibrithe deonacha agus tacú leo chun seirbhís chuimsitheach óige a sholáthar

Pleanáil agus soláthar clár - A chinntiú go ndéanfar ár gcláir a dhearadh agus a sholáthar chun riachtanais éagsúla na ndaoine óga go léir sa phobal a chur san áireamh go comhfhiosach

Cuimsítear na cúig chritéar seo i gceist an chleachtais i gcónaí.

Cleachtas – Is éard atá i gceist leo seo ná breathnú thar chur i bhfeidhm praiticiúil na hoibre óige ar na luachanna agus na dearcthaí atá fite fuaite sa tseirbhís óige. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí é sin san áireamh go hiomlán sa soláthar oibre óige go léir.

(Sliocht as “Access all Areas” le Comhairle Náisiúnta na nÓg [Access all Areas - Comhairle Náisiúnta na nÓg)]

Acmhainn Úsáideach Eile



- Chun tuilleadh eolais a fháil - 8 gCéim chuig Obair Óige Chuimsitheach - Comhairle Náisiúnta na nÓg

Cleachtadh

Treoracha

Na seicliostaí a úsáid

1. Déan iarracht na seicliostaí a dhéanamh mar fhoireann agus bíodh daoine ó róil éagsúla i d'eagraíocht páirteach ann, agus más féidir, bíodh an réimse iomlán daoine ón lucht bainistíochta go dtí daoine óga san áireamh ann. Rinne roinnt grúpaí gach seicliosta le linn cruinnithe foirne agus rinne siad plé ina dhiaidh sin.
2. Téigh tríd an 'seicliosta' mar ghrúpa nó i mbeirteanna - pléigh cad iad na pointí ar cheart freagra dearfach 'TÁ' srl. a thabhairt orthu, na pointí ar cheart freagra diúltach 'NÍL' srl. a thabhairt orthu agus na pointí ar cheart freagra 'GO PÁIRTEACH' a thabhairt orthu agus tagaigí ar chomhaontú ina leith mar ghrúpa.
3. Mar fhoireann, cuir in iúl 3 - 5 cheist ar thug sibh freagra 'NÍL' srl. nó 'GO PÁIRTEACH' orthu ar féidir libh oibriú orthu sna chéad 6 mhí amach romhainn.
4. Cuir sraith GNÍOMHARTHA le chéile lena dtabharfar aghaidh ar na pointí sin. Bain úsáid as na caibidlí cuí in "Access All Areas" chun cuidiú leat cinneadh a dhéanamh maidir le cur chuige - tá comhairle phraiticiúil agus liosta acmhainní agus teagmhálaithe i ngach caibidil.
5. Forbair plean oibre, ina léireofar cathain a bheidh an gníomh críochnaithe agus na garspriocanna ar an mbóthar ceart lena chur i gcrích.
6. Cuir in iúl cé i do ghrúpa/eagraíocht óige a bheidh freagrach as a chinntiú go ndéanfar na GNÍOMHARTHA.
7. Déan plean teacht le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil an PLEAN GNÍMH ag obair.

8. Nuair a bheidh an plean oibre críochnaithe, déan measúnú ar do dhul chun cinn agus roghnaigh do chéad sraith spriocanna eile.

An seicliosta a úsáid



Cuideoidh an seicliosta sin leat a shocrú cé chomh maith agus atá comhionannas agus cuimsiú leabaithe i d'eagraíocht. Cuirfidh sé in iúl duit na gníomhartha nach mór duit aird a thabhairt orthu agus d'fhéadfadh sé cuidiú leat grúpaí a aithint nach bhfuil ag éirí leat díriú orthu b'fhéidir.

Ba chóir duit na ceisteanna a fhreagairt de réir mar a bhaineann siad le do ról agus do thaithí sa ghrúpa nó sa tseirbhís óige. Bí cúramach faoi cheisteanna a cheapann tú ar dtús nach bhfuil siad 'infheidhme' duit mar d'fhéadfadh sé sin a bheith ina bhealach eile ina bhfágann tú daoine amach gan chuimhneamh tríd an ról nó an tionchar a d'fhéadfadh a bheith againn a sheachaint – cuir ceist ort féin ina áit sin conas is féidir na ceisteanna a dhéanamh infheidhme maidir le do chás féin.

Agus an máistir-sheicliosta á chomhlánú agat, ba cheart duit réimse féiniúlachtaí éagsúla a chur san áireamh. Mura luaitear go sonrach é, tagraíonn an seicliosta i gcónaí do dhaoine óga ó chúlraí mionlaigh eitnigh, daoine óga LADTAI+, Taistealaithe óga, daoine óga faoi mhíchumas, daoine óga ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte, daoine óga atá sa chóras dlí agus cirt d'ógánaigh, tuismitheoirí óga, iad siúd nach bhfuil i mbun oiliúna, fostaíochta ná oideachais, daoine óga atá i mbaol a bheith gan dídean, cúramóirí óga agus daoine óga atá aonraithe ó taobh na tíreolaíochta de. Lean céimeanna 1-9 thuas agus an seicliosta á chomhlánú agat.

Íomhá phoiblí

Chun go n-éireoidh linn go mothódh daoine ó chúlraí éagsúla go bhfuil siad á gcuimsiú, ní mór dóibh a bheith infheicthe inár n-eagraíocht.

Conas a chuirimid ár seirbhís i láthair - do dhaoine óga, dá dtuismitheoirí agus do sheirbhísí pobail eile?

1. Tá réimse leathan daoine óga éagsúla infheicthe, nó luaitear go sonrach iad, i bhfógraíocht, in ábhair bholscaireachta, i bhfoilseacháin agus i ngrianghraif ár n-eagraíochta. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
2. Tá ábhar fógraíochta faoinár ngrúpa/eagraíocht (bileoga, póstaeir, ailt nuachta, nuachtlitreacha srl.) san áireamh:

- Úsáidimid Béarla simplí chun cur síos a dhéanamh ar ár gcláir agus ar ár ngníomhaíochtaí TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Úsáidimid íomhánna amhairc lena thaispeáint cad a dhéanaimid agus cá dtagaimid le chéile TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Tá suíomh gréasáin atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas againn (is féidir le duine dall léitheoir scáileáin guthghníomhachtaithe a úsáid chun rochtain a fháil ar an ábhar) TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Tá ár n-ábhar ar fáil sna teangacha éagsúla is mó a úsáidtear inár bpobal TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Inár n-ábhar, luaimid go bhfuilimid inrochtana agus cuimsitheach do chách TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

3. Tá go leor bealaí ann chun teagmháil a dhéanamh lenár n-eagraíocht/grúpa. Is féidir leat:

- Glao a chur ar an eagraíocht/gceannaire óige TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Téacs (SMS) a chur chuig an eagraíocht/gceannaire óige TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Ríomhphost a sheoladh chuig an eagraíocht/gceannaire óige TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Bualadh isteach chuig an ngrúpa/eagraíocht óige TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Muid a leanúint agus teagmháil a dhéanamh linn ar Facebook TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

4. Tá an foirgneamh/na foirgnimh ina dtagaimid le chéile inrochtana d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí, dóibh siúd ag a bhfuil cailliúint radharc na súl nó atá bodhar (féach caibidil 5 de "Access all Areas" le haghaidh seicliosta níos mine maidir le bheith inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas) TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

5. Táimid (baill foirne, oibrithe deonacha agus daoine óga) leathanaigeanta agus fáilteach roimh gach ball den phobal:

- Daoine óga ó mhionlaigh eitneacha lena n-áirítear iad siúd ar iarrthóirí tearmainn nó dídeanaithe iad, agus iad siúd gan cáipéisí inimirce TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga atá leispiach, aerach, déghnéasach, trasinscneach, aiteach, idirghnéasach nó a chuireann claonadh gnéis in iúl i dtéarmaí eile (LADTAI+) TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Taistealaithe Óga TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga faoi mhíchumas TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga a raibh baint acu leis an gcóras dlí agus cirt d'ógánaigh TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Tuismitheoirí óga TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, oiliúna ná fostaíochta TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga ó gach léiriú féiniúlachta inscne TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga gan dídean TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Daoine óga atá aonraithe ó thaobh na tíreolaíochta de TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

6. Inseoimid do gach duine óg inár bpobal faoinár ngrúpa óige agus molaimid dóibh páirt a ghlacadh ann:

- Iarraimid ar na baill cuireadh a thabhairt dá gcairde TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Insímid do na scoileanna uile sa cheantar faoinár ngrúpa/eagraíocht. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Cuirimid fógraí suas i leabharlanna áitiúla agus i TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

spásanna/ionaid phobail

- Cuirimid fógraí i nuachtáin áitiúla TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Cuirimid fógraí i siopaí áitiúla TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
- Insímid do na hionaid adhartha áitiúla go léir (moscanna, teampaill, sionagóga, séipéil, grúpaí eaglaise soiscéalacha srl.) faoinár ngrúpa/ eagraíocht. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

7. Féachaimid le bualadh le tuismitheoirí inár bpobal, insint dóibh faoinár ngrúpa/eagraíocht óige agus iad a chur ar a suaimhneas faoi ábhair imní a bheadh acu faoina leanaí a bheith páirteach inár ngrúpa(í) óige. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
8. Cuirimid ábhar eolais agus ábhar chun feasacht a mhúscailt ar taispeáint (eolas LADTAI+, Seachtain Mhórtais na dTaistealaithe, póstaeir frithchiníochais, feasacht ar mhíchumas srl.). TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

Forbairt ghairmiúil

Cuirtear oiliúint ar ár mbaill foirne agus ar ár n-oibrithe deonacha agus tacaítear leo chun seirbhís chuimsitheach óige a sholáthar?

9. Cuireann ár ngrúpa/eagraíocht óige prionsabail chothroime agus reachtaíocht chomhionannais i bhfeidhm (m.sh. tá baill foirne agus oibrithe deonacha tiomanta don chothroime agus cloíonn siad le cleachtas cuimsitheach). TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
10. Leis an gcur síos ar na poist/róil dheonacha, éilítear ar bhaill foirne agus ar oibrithe deonacha a bheith ar an eolas faoi shaincheisteanna a bhaineann le cothroime agus cuimsiú. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
11. Faigheann baill foirne agus oibrithe deonacha oiliúint ar shaincheisteanna maidir le cothroime agus cuimsiú agus ar obair le grúpaí sonracha daoine (LADTAI+, mionlaigh eitneacha, Taistealaithe, daoine faoi mhíchumas srl.). TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

Rannpháirtíocht

Le bheith éifeachtach maidir le seirbhísí ábhartha, úsáideacha a fhorbairt, ní mór dul i gcomhairle le pobail agus le daoine óga éagsúla.

Conas a chinntímid go gcuirimid guth daoine óga san áireamh ag gach leibhéal dár n-eagraíocht óige?

12. Tá baill ó fhéiniúlachtaí éagsúla ar choiste bainistíochta ár ngrúpa/eagraíochta. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
13. Cuireann ár ngrúpa/eagraíocht réimse bealaí neamhfhoirmiúla ar fáil do dhaoine óga chun a gcuid tuairimí a chur in iúl faoin ngrúpa (grúpaí comhairleacha, fóraim, conarthaí grúpa, suirbhéanna, comhairliúcháin, athbhreithnithe, measúnuithe srl.). TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
14. Tá daoine óga ó réimse féiniúlachtaí éagsúla páirteach i gcinntí a dhéanamh inár ngrúpa/ eagraíocht. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

Beartais agus nósanna imeachta

An bhfuil gealltanas i scríbhinn chun seirbhís chomhionann agus chuimsitheach a sholáthar ag ár n-eagraíocht?

15. Tá gealltanas i scríbhinn ag ár ngrúpa/eagraíocht maidir le cothroime agus cuimsiú (cairt, cód cleachtais, ráiteas misin, beartas srl.). TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
16. Tuigeann na hoibrithe deonacha/na baill foirne cad is brí le cothroime agus cuimsiú. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL
17. Cuirimid an méid atá scríofa inár mbeartas faoi chothroime agus cuimsiú i bhfeidhm (m.sh. léirímid teanga chuimsitheach; pléimid bulaíocht mar gheall ar fhéiniúlacht, fuathchaint agus baisteachán: ciníochas, gnéasachas, homafóibe, trasfhóibe, leithcheal i leith daoine faoi mhíchumas, Ioslamafóibe, aicmeachas srl.). TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

Pleanáil agus soláthar clár

Chun go n-éireofar le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna reatha atá roimh dhaoine óga agus oibrithe óige, ní mór dár ngrúpaí óige a bheith ar an eolas faoi cé hiad daoine óga agus conas a mhaireann siad [fiú mura gcuirimid obair dhíreach ar fáil]:

Conas a chinntímid go ndéanfar ár gcláir a dhearadh agus a sholáthar chun riachtanais agus féiniúlachtaí éagsúla na ndaoine óga go léir sa phobal a chur san áireamh go comhfhiosach?

18. Tá eolas cothrom le dáta ag ár ngrúpa/eagraíocht faoi eitneachas daoine óga inár gceantair áitiúla, lena n-áirítear Taistealaithe. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

19. Foghlaimímid faoi chúlraí cultúrtha nó eitneacha daoine óga atá ina gcuid dár ngrúpa/eagraíocht. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

20. Bailímid eolas faoi riachtanais a bhaineann le míchumas. BAILÍONN GO PÁIRTEACH NÍ BHAILÍONN

21. Tá eolas againn faoi mhiondealú inscne ár ngrúpa/ eagraíochta agus cuirimid roghanna san áireamh inár bhfoirmeacha chun féin-sainmhíniú agus féinaithint a chur in iúl mar neamh-dhénártha/ solúbtha ó thaobh inscne de, trasinscneach srl. TÁ GO PÁIRTEACH NÍL

22. Déanaimid comparáid idir comhdhéanamh ár gceantair áitiúil agus na daoine a fhreastalaíonn ar ár ngrúpa agus aithnímid grúpaí daoine óga atá faoi ghannionadaíocht. DÉANANN GO PÁIRTEACH NÍ DHÉANANN

23. Cuirimid riachtanais na ndaoine óga uile inár bpobal san áireamh agus cláir á bpleanáil againn (cultúrtha, reiligiúnach, soghluaisteacht, litearthacht, freagrachtaí teaghlaigh, cumais éagsúla, oideachas, sláinte, srl.). CUIREANN GO PÁIRTEACH NÍ CHUIREANN

24. Iarraimid ar réimse leathan daoine óga, lena n-áirítear iad siúd nach bhfreastalaíonn, cad ar mhaith leo a bheith páirteach ann. IARRAIMID GO PÁIRTEACH NÍ IARRAIMID

25. Reáchtálaimid cláir nó gníomhaíochtaí a chuireann dúshlán roimh réamhchlaonadh agus a chuireann cuimsiú chun cinn maidir le:

- Daoine óga de bhunadh mionlaigh eitnigh — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga LADTAI+ — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Taistealaithe Óga — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga faoi mhíchumas — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga ag a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga a bhfuil baint acu leis an gcóras dlí agus cirt d'ógánaigh — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Tuismitheoirí óga — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga nach bhfuil i mbun oideachais fhoirmiúil, oiliúna ná fostaíochta — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Déantar iniúchadh ar róil inscne agus ar steiréitíopaí agus ceistítear iad — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga gan dídean — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN
- Daoine óga atá aonraithe ó thaobh na tíreolaíochta de — REÁCHTÁLANN GO PÁIRTEACH NÍ REÁCHTÁLANN

Forbair do Phleananna Gnímh

Bain úsáid as an seicliosta thuas agus as an eolas atá sa treoir chun plean gnímh a fhorbairt.

Féach ar na seicliostaí a d'athbhreithnigh tú. Smaoinigh ar na mínithe a thug tú ar na freagraí 'níl' agus 'ar siúl'. Roghnaigh na réimsí ina mbraitheann tú gur féidir leat feabhas nithiúil a dhéanamh sna tréimhsí seo a leanas:

- Gearrthéarma (1-2 sheachtain)
- Meántéarma (1-3 mhí)
- Fadtéarma (6 mhí – 1 bhliain)

Scríobh plean gnímh ina bhfuil:

1. Achair ama chun na tascanna a roghnaigh tú a chríochnú.
2. Sann an duine san fhoireann atá freagrach as a chinntiú go gcuirfear na tascanna éagsúla i gcrích. Cinntigh go bhfuil na tascanna roinnte ar fud na foirne uile.
3. Cinntigh cé na tacaíochtaí is gá a chur i bhfeidhm chun na tascanna sin a chur i gcrích.